# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Innealtóireacht

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**State Examinations Commission**


# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Innealtóireacht

## Comhleibhéal

## Scéim Mharcála

## Scrúdú Scríofa agus an Tionscadal



# Scrúdú Scríofa — Scéim Marcála

## 120 Marc — Freagair na ceisteanna go léir

**Nóta:** Níl sna freagraí a chuirtear i láthair ach samplaí.
Tá glacadh le freagraí eile atá bailí agus déantar iad a mharcáil dá réir sin.

### Ceist 1 (30 marks)

**(a)** (i) Buntáiste amháin @ 3 mharc
(ii) Míbhuntáiste amháin @ 3 mharc

**(b)** (i) Roghnaigh / Tionchar diúltach @ 1 + 2 mharc
(ii) Dhá airí @ 3 mharc

**(c)** (i) Míniú @ 3 mharc
(ii) Feidhm amháin @ 1 mharc
(iii) Cur Síos @ 4 mharc

**(d)** (i) Dhá fheidhm @ 2 mharc an ceann
(ii) Míniú @ 2 mharc

**(e)** (i) Tic ceart @ 1 mharc
(ii) Míniú @ 1 mharc
(iii) Dhá phróiseas @ 1 mharc an ceann

### Ceist 3 (25 marks)

**(a)** Tábla críochnaithe @ 4 mharc

**(b)** Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann

**(c)** (i) Míniú @ 2 mharc
(ii) Dhá lipéad @ 1 mharc an ceann
(iii) Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann
(iv) Dhá chúis @ 1 mharc an ceann
(v) Buntáiste amháin @ 2 mharc
(vi) Míniú @ 2 mharc

**(d)** Míniú @ 1 mharc

**(e)** Déan trí fhoinse a mheaitseáil @ 6 mharc

### Ceist 2 (35 marks)

**(a)** (i) Cúis amháin @ 2 mharc
(ii) Ainm @ 1 mharc
Míniú @ 2 mharc

**(b)** (i) Fad iomlán @ 1 mharc
Leithead iomlán @ 1 mharc
(ii) Cur Síos @ 3 mharc

**(c)** (i) Dhá réamhchúram @ 2 mharc an ceann
(ii) Míniú @ 1 mharc
(iii) Ciorcal ceart @ 1 mharc
(iv) Meaitseáil @ 1 mharc an ceann

**(d)** (i) Dearadh & sceitse @ 4 mharc
(ii) Ábhar @ 2 mharc
Cúis @ 1 mharc

**(e)** (i) Míniú @ 1 mharc
(ii) Ciorcal ceart @ 2 mharc
(iii) Úsáid @ 1 mharc
(iv) Dath ceart @ 1 mharc an ceann

**(f)** Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann

### Ceist 4 (30 marks)

**(a)** (i) Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann
(ii) Críochnaithe @ 2 mharc
(iii) Ciorcal ceart @ 2 mharc
(iv) Feidhm amháin @ 1 mharc
(v) Míniú @ 1 mharc

**(b)** (i) Aitheanta i gceart @ 1 mharc
(ii) Ainm @ 1 mharc
(iii) Siombail @ 1 mharc
Tábla críochnaithe @ 3 mharc

**(c)** (i) Dearadh & sceitse @ 3 mharc
(ii) Dhá fheidhm @ 1 mharc an ceann

**(d)** (i) Dhá luach @ 1 mharc an ceann
(ii) Buntáiste @ 1 mharc
Míbhuntáiste @ 1 mharc
(iii) Ciorcal ceart @ 1 mharc
(iv) Buntáiste amháin @ 2 mharc

**(e)** (i) Míniú @ 1 mharc
(ii) Ainm @ 1 mharc
(iii) Cóimheas ceart @ 1 mharc
(iv) Ríomh @ 1 mharc

**Ceist 1** **(30 marc)**

**(a)** Taispeántar thall *"dash cam"* a úsáidtear i gcarr.

(i) Luaigh buntáiste amháin a bhaineann le *"dash cam"* a úsáid.

| |
|---|
| Buntáiste: Is féidir le ceamara deaise taifead digiteach a dhéanamh ar aon eachtra a d'fhéadfadh tarlú le linn a bheith ag tiomáint. D'fhéadfadh sé seo a bheith cabhrach i dtaca le haon éileamh árachais a phróiseáil. |

**Buntáiste @ 3 mharc**

*"dash cam"*



(ii) Luaigh míbhuntáiste amháin a bhaineann le *"dash cam"* a úsáid.

| |
|---|
| Míbhuntáiste: D'fhéadfadh ceamara deaise aird an tiománaí a bhaint den tiomáint, rud a d'fhéadfadh |

**Míbhuntáiste @ 3 mharc**

**(b)** (i) Roghnaigh ceann amháin de na soip a thaispeántar agus mínigh conas a d'fhéadfadh a úsáid tionchar diúltach a imirt ar an timpeallacht.

| **Roghnú**: Sop páipéir |
|---|
| Tionchar diúltach: D'fhéadfadh an sop páipéir a bheith ina chúis le méadú ar bhruscar mura gcaithfí amach go freagrach é. Is gá crainn a leagan go talamh chun soip pháipéir a dhéanamh, rud a dhéanann dochar don timpeallacht. |

**Roghnú @ 1 mharc, Tionchar diúltach @ 2 mharc**

(ii) Luaigh dhá airí de chuid cruach dosmálta.

| Airí 1: Tá friotaíocht mhaith in aghaidh creimeadh ag cruach dhosmálta. |
|---|
| Airí 2: Ábhar an-láidir marthanach is ea cruach dhosmálta agus tá friotaíocht mhaith in aghaidh caitheamh aici. |

**Dhá airí @ 3 mharc**



*Sop páipéir*



*Sop de chruach dosmálta*

**(c)** Úsáidtear sprionga comhbhrú i dTionscadal Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí 2023, mar a thaispeántar.

(i) Mínigh brí an téarma comhbhrú.

Míniú: Is éard is brí le comhbhrú ná brúfhórsaí urchomhaireacha a chur ar rud chun gur féidir leis dul isteach i spás níos lú.

**Míniú @ 3 mharc**

*Sprionga comhbhrú*



(ii) Sainaithin feidhm amháin eile ag sprionga comhbhrú.

Feidhm: Baintear úsáid as sprionga comhbhrú i bpeann gránbhiorach inghiorraithe (biro).


**Feidhm @ 1 mharc**

(iii) Déan cur síos ar fheidhm na meicníochta deighilteora a thaispeántar in oibríocht Thionscadal Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí 2023.

Cur síos: Is é feidhm na meicníochta deighilteora ná cúrsa gach mirlín timpeall an mheaisín a rialú. Nuair a thiteann mirlín ar an meicníocht deighilteora dírítear an mirlín chuig cúrsa amháin agus dúntar an cúrsa eile ag an am céanna. Ansin, nuair a thiteann an chéad mhirlín eile uirthi, dírítear é sin chuig an gcúrsa malartach. Leantar leis an ord seo le haghaidh gach re mirlín.

**Cur Síos @ 4 mharc**

*Meicníocht deighilteora*



**(d)** (i) Bíonn ról atá ag dul i dtábhacht ag dróin sa bhfeirmeoireacht chliste. Luaigh dhá fheidhm le haghaidh drón sa bhfeirmeoireacht.

Feidhm 1: Is féidir teicneolaíocht drón a úsáid chun monatóireacht bhreise slándála a dhéanamh ar fheirm.

Feidhm 2: Is féidir teicneolaíocht drón a úsáid chun ábhair a iompar chuig codanna iargúlta / doshroichte d'fheirm.

**Dhá fheidhm @ 2 mharc an ceann**



*Drón*

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuil priontáil 3T oiriúnach le haghaidh monarú comhpháirteanna dróin.

Míniú: Is próiseas déantúsaíochta breise é priontáil 3T nach mbíonn mórán dramhaíl déantúsaíochta mar thoradhair. Tá priontáil 3T oiriúnach chun páirteanna casta éadroma plaisteacha a dhéanamh amhail na cinn a fhaightear i ndrón.

**Míniú @ 2 mharc**



*Comhpháirteanna dróin atá priontáilte 3T*

**(e)** (i) Cuir tic leis an téarma is fearr a dhéanann cur síos ar fheidhm roth na hulóige sa meaisín aclaíochta a thaispeántar.

| | |
|---|---|
| Ualach | |
| Buthal | ✓ |
| Iarracht | |

**Tic ceart @ 1 mharc**



*Roth ulóige*

(ii) Mínigh cén fáth go bhfuil an roth ulóige in úsáid sa meaisín aclaíochta a thaispeántar.

Míniú: Cinntíonn an ulóg go mbogann cábla an mheaisín go héasca, mar gheall ar fhrithchuimilt laghdaithe, nuair a tharraingíonn an t-oibritheoir an cábla chun na meáchain a ardú.

**Míniú @ 1 mharc**

(iii) Ainmnigh dhá phróiseas deile a úsáidtear i monarú bharra an tromáin lúith a thaispeántar.

Próiseas 1: Scoitheadh fásála

Próiseas 2: Foirbeadh

**Dhá phróiseas @ 1 mharc an ceann**



*Barra tromáin lúith*

**Ceist 2** **(35 marc)**

*Baineann innealtóireacht agus dearadh táirge go dlúth le táirgeadh troscáin shaincheaptha agus táirgí amhail an lampa nuaga boird a thaispeántar.*



*Lampa nuaga boird*

**(a)** (i) Tá páirteanna coirp inchoigeartaithe ag an lampa nuaga boird. Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin leis an ngné dhearaidh seo.

| |
|---|
| Cúis: Is féidir an lampa a shocrú i suíomhanna spraíúla dá bharr sin . Is féidir solas an lampa a dhíriú i dtreonna ar leith freisin mar thoradh ar an ngné insocraithe seo. |

**Cúis @ 2 mharc**

(ii) Ainmnigh an cineál cnó a thaispeántar agus mínigh an fáth a bhfuil sé oiriúnach lena úsáid sa lampa nuaga boird.



*Cnó*

| |
|---|
| Ainm: Cnó Eiteach. |
| Míniú: Is féidir cnó eiteach a oscailt nó a dhúnadh de láimh (ordóg) agus mar sin tá sé oiriúnach le haghaidh an lampa nuaga a shocrú go héasca. |


**Ainm @ 1 mharc, Míniú @ 2 mharc**

**(b)** Rinneadh páirteanna coirp an lampa nuaga a thaispeántar boird as aicrileach.

(i) Ríomh, ina milliméadair, an fad iomlán agus an leithead iomlán atá ag an bpáirt aicrileach coirp a thaispeántar.

| |
|---|
| Fad iomlán: 105mm |
| Leithead iomlán: 30mm |

**Fad iomlán @ 1 mharc, Leithead iomlán @ 1 mharc**




*Páirt aicrileach coirp thoisithe (mm)*

(ii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí próifíl na páirte aicrilí coirp a mharcáil amach go cruinn.

| |
|---|
| Cur síos: Déantar líne láir a tharraingt síos lár an ábhair. Déantar dhá phointe, 80mm óna chéile a mharcáil ar an líne láir. Déantar stua G15mm a tharraingt ag an bpointe uachtarach. Déantar stua G10mm a tharraingt ag an bpointe íochtarach. Ansin déantar líne thadhlaíoch a tharraingt ar an taobh clé agus ar an taobh deas de na stuanna seo chun próifíl imlíneach na páirte coirp a chomhlánú. |

**Cur Síos @ 3 mharc**

**(c)** (i) Luaigh dhá réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn páirteanna aicrileacha coirp á ndruileáil.

| |
|---|
| Réamhchúram sábháilteachta 1: Cinntigh go bhfuil greim daingean ag bís nó teanntán ar an ábhar sula ndéantar é a dhruileáil. |

| |
|---|
| Réamhchúram sábháilteachta 2: Agus aicrileach á dhruileáil agat, déan cinnte go roghnaíonn tú luas druilire atá oiriúnach do mhéid an phoill a theastaíonn uait a dhruileáil. |

**Dhá réamhchúram sábháilteachta @ 2 mharc an ceann**

(ii) Mínigh an fáth a ndearnadh an bord agus an bonn meaisín druileála as Iarann Teilgthe.

| |
|---|
| Explanation: Ábhar láidir crua is ea iarann teilgthe lena mbaineann friotaíocht den scoth in aghaidh caitheamh. Ciallaíonn sé seo go ndéantar teanntáin agus bíseanna as iarann teilgthe óir is ábhar oiriúnach é chun greim a choimeád ar ábhar atá á dhruileáil. |

**Míniú @ 1 mharc**

*Bord druilire*

Bonn druilire





(iii) Ciorclaigh an teaglaim ceart cóimhiotail d'Iarann Teilgthe.

| | | |
|---|---|---|
| **Iarann agus carbón** | **Copar agus sinc** | **Iarann agus cróimiam** |

**Teaglaim cheart chóimhiotal @ 1 mharc**

(iv) Meaitseáil gach comhartha sábháilteachta a thaispeántar trí líne a tharraingt go dtí an chatagóir chuí.



**(d)** (i) Is minic a thiteann an lampa nuaga boird nuair a bhíonn sé in úsáid.
Úsáid sceitse rindreáilte agus dear bonn ar féidir an lampa a shuíomh go slán air.

*Sceitse rindreáilte de dhearadh an bhoinn*



An lampa nuaga cóimeáilte ceangailte den bhonn a dearadh





Cosa an lampa nuaga ceangailte den bhonn a dearadh



Bonnamharc an bhoinn

**Dearadh & sceitse @ 4 mharc**

(ii) Sainaithin ábhar oiriúnach le haghaidh an bhoinn a dhear tú agus tabhair breac-chuntas ar chúis amháin leis an ábhar sin a roghnú.


| |
|---|
| Ábhar: Sraithadhmad |
| Cúis: Is furasta cruth a chur ar shraithadhmad. Is féidir bailchríoch tharraingteach a chur ar shraithadhmad. Is furasta cosa an lampa nuaga a cheangal den bhonn sraithadhmaid. |

**Ábhar @ 2 mharc, Cúis @ 1 mharc**

**(e)** (i) Mínigh an fáth go n-úsáidtear copar i monarú na sreang leictreach a thaispeántar.

| |
|---|
| Míniú:: Is seoltóir teasa agus leictreachais den scoth é copar a fhágann go bhfuil sé oiriúnach le húsáid mar shreang |

**Míniú @ 1 mharc**



*Sreanga leictreacha copair*

(ii) Ciorclaigh an rangú ceart le haghaidh copair.

| Miotal feiriúil | Miotal neamhfheiriúil |
|---|---|

**Aicme cheart @ 2 mharc**

(iii) Mol úsáid oiriúnach eile le haghaidh copair.


| |
|---|
| Úsáid: Úsáidtear píobáin uisce agus sorcóirí uisce déanta as copar le haghaidh córais phluiméireachta. |

**Úsáid @ 1 mharc**

(iv) Cuir isteach an dath sreinge ceart do gach teirminéalach plocóide a thaispeántar.


*Donn—Beo*

*Gorm — Neodrach*



*Glas agus buí — Talmhú*

Dath: Glas agus Buí




Dath: Gorm

Dath: Donn

**Dathanna cearta @ 1 mharc an ceann**

**(f)** Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le huaschúrsáil chun táirgí saincheaptha/uathúla a tháirgeadh amhail an lampa boird a thaispeántar.

| |
|---|
| Buntáiste 1: Laghdú ar an méid ábhair a sheoltar chuig láithreán líonta talún an toradh a bhíonn ar ábhair a uaschúrsáil, agus mar sin baineann tairbhe don timpeallachta le huaschúrsáil. |

| |
|---|
| Buntáiste 2: Is féidir costais déantúsaíochta a laghdú go suntasach trí úsáid a bhaint as ábhair agus as páirteanna athshlánaithe, agus fágann sé sin go bhfuil buntáiste eacnamaíoch ag baint leis an uaschúrsáil. |

**Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann**



*Lampa boird saincheaptha*

**Ceist 3** **(25 marc)**

*Is feithicil hibrideach leictreach é an Wello Family E-Trike a dearadh chun paisinéirí agus lastas a iompar i gceantair uirbeacha.*

*Tá bataire in-athluchtaithe ionsuite san E-Trike seo agus grianphainéil ar an díon chun cumhacht a sholáthar don mhótar a chabhraíonn leis an úsáideoir agus é/í ag troitheánú.*



*Wello Family E-Trike*

**(a)** Baineann na ceithre théarma seo thíos le dearadh agus le hinnealtóireacht an E-Trike.

| Grianchumhacht | Lastas | Feithicil hibrideach | Lorg carbóin |
|---|---|---|---|

Críochnaigh an tábla thíos tríd an téarma is oiriúnaí a chur in aice leis an gcur síos.

| Téarma | Cur síos ar Théarmaí |
|---|---|
| Feithicil hibrideach | Feithicil a úsáideann dhá chineál ar leith cumhachta nó níos mó. |
| Lastas | Lasta nó earraí a iompraíonn long, aerárthach, nó feithicil eile. |
| Lorg carbóin | Tomhas mhéid na dé-ocsaíde carbóin a scaoileann do chuid gníomhaíochtaí isteach san atmaisféar thar thréimhse áirithe. |
| Grianchumhacht | Radaíocht teasa ón ngrian tiontaithe ina cumhacht leictreach. |

**Tábla críochnaithe @ 1 mharc an ceann**


**(b)** Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le húsáid an E-Trike le haghaidh taistil i gceantair uirbeacha.

Buntáiste 1: Úsáideann Tríothaigh Leictreacha (E-Trikes) fuinneamh in-athnuaite agus fágann sé seo go bhfuil siad neamhdhíobhálach don timpeallacht.

Buntáiste 2: Tá an Tríothach Leictreach (E-Trike) oiriúnach le húsáid i gceantair uirbeacha mar gheall ar a dhearadh dlúth.

**Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann**

**(c)**





(i) Mínigh brí an téarma LED.

Míniú: Ciallaíonn LED Dé-óid astaithe solais. Is gléas leathsheoltóra é seo a astaíonn solas nuair a shreabhann sruth tríd.

**Míniú @ 2 mharc**

(ii) Lipéadaigh an chos dhearfach agus an chos dhiúltach den LED a thaispeántar.




**Dhá lipéad @ 1 mharc an ceann**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le soilse LED a úsáid thar bolgáin solais tradisiúnta.

Buntáiste 1: Maireann soilse LED níos faide ná bolgáin solais thraidisiúnta mar níl filiméad iontu, agus dá bhrí sin is lú an seans go séidfidís.

Buntáiste 2: Úsáideann bolgáin solais LED níos lú fuinnimh ná bolgáin solais thraidisiúnta agus fágann sé seo nach bhfuil siad chomh díobhálach céanna don timpeallacht.

**Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann**

(iv) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis leis na poill i ndearadh an dosca coscáin a thaispeántar thuas.

Cúis 1: Úsáidtear na poill láir chun an diosc-choscán a chóimeáil sa chóras coiscthe mar a thaispeántar sa léaráid thuas ar dheis.

Cúis 2: Cabhraíonn na poill ar an imeall leis an diosca a dhéanamh níos éadroime, gan cur as d'fheidhm an diosca. Gné tharraingteach de dhearadh an diosca is ea na poill

**Dhá chúis @ 1 mharc an ceann**

(v) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le scriúnna Allen a úsáid le haghaidh chóimeáil an diosca coscáin cruach dosmálta.



Buntáiste: Úsáidtear scriúnna Allen toisc nach féidir iad a scaoileadh ná a theannadh ach amháin le heochair Allen, rud a chinntíonn nach féidir leis an gceanglóir scriú éirí scafa trí thimpiste.

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**

(vi) Mínigh an fáth ar féidir greamacháin a chur le scriú Allen nuair a bhíonn diosca coscáin á chóimeáil.



Míniú: Cinntíonn an greamachán a úsáidtear sa chóimeáil scriú Allen nach féidir leis na scriúnna éirí scaoilte mar gheall ar chreathadh.

**Míniú @ 2 mharc**

**(d)** Tá maolaire turrainge neomatach feistithe san E-Trike. Mínigh an téarma *neomatach*.

Míniú: Ciallaíonn an focal 'neomatach' aerbhrú a úsáid chun obair a dhéanamh nó chun páirteanna a bhogadh. Is le haer de ghnáth a líontar maolairí turrainge neomatacha d'fhonn turas réidh thar dhromchlaí míchothroma a chinntiú.

**Míniú @ 1 mharc**




*Maolaire turrainge neomatach*

**(e)** Meaitseáil an fhoinse fuinnimh in-athnuaite leis an léaráid cheart den fhoinse sin.
Tá an chéad mheaitseáil críochnaithe duit.

| Fuinneamh gaoithe | Fuinneamh geoiteirmeach | Hidreafhuinneamh | Fuinneamh bithmhaise |
|---|---|---|---|










**Déan trí fhoinse a mheaitseáil @ 6 mharc**

**Ceist 4** **(30 marc)**




*Is minic a úsáidtear córais rialaithe leictreonacha innealtóireachta ag saoráidí carrchlóis i mbailte agus i gcathracha.*

**(a)** (i) Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann le córas geata uathoibrithe a úsáid.

| |
|---|
| Buntáiste 1: Tá geataí leictreacha uathoibrithe an-áisiúil le húsáid toisc nach gcaithe-ann tú iad a oscailt ná a dhúnadh de láimh, go háirithe nuair a bhíonn drochaimsir ann. |

| |
|---|
| Buntáiste 2: Cuireann geataí leictreacha uathoibrithe le cúrsaí slándála ag saoráid toisc gur féidir teacht agus imeacht tríothu a rialú go héasca. |

**Dhá bhuntáiste @ 1 mharc an ceann**

(ii) As cruach a rinneadh an geata, a thaispeántar thuas. Mol bailchríoch oiriúnach a d'fhéadfaí a chur ar an ngeata mar chabhair chun creimeadh a chosc.

| |
|---|
| Bailchríoch: Is gnách go ndéantar geataí cruach a phéinteáil chun creimeadh a chosc. Is féidir geataí cruach a ghalbhánú chomh maith chun creimeadh a chosc. |

**Críochnaithe @ 2 mharc**

(iii) Ciorcalaigh an t-ainm ceart do *mheicníocht A* a thaispeántar thuas.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ulóg agus beilt** | **Cromán agus sleamhnóir** | **Raicín agus ceapachóir** | **Raca agus pinniún** (circled) |

**Ciorclaigh an mheicníocht cheart @ 2 mharc**


(iv) Mol feidhm oiriúnach amháin eile le haghaidh *meicníocht A*.

| |
|---|
| Feidhm: Úsáidtear meicníocht raca agus phinniúin i meicníochtaí stiúrtha gluaisteán, ar dheil láir agus ar mheaisín druileála piléir. |

**Feidhm amháin @ 1 mharc**


(v) Mínigh an fáth a ndéantar teaschóireáil ar dhromchlaí an rotha rollóra agus an ráille threoraigh.

| |
|---|
| Míniú: Baineann gluaiseacht rialta le hoscailt agus dúnadh an gheata, agus dá bhrí sin imíonn an ráille agus an roth ó mhaith tar éis tamaill. Má chuirtear cóir theasa ar an roth agus ar an ráille treorach ar aon déanann sé na páirteanna sin níos frith-sheasmhaí in aghaidh caithimh agus cuimilte agus mairfidh siad níos faide dá bharr. |




**Míniú @ 1 mharc**

**(b)** Úsáideann an córas bacainne uathoibrithe a thaispeántar geata loighce digiteach. Ní ardóidh an bhacainn ach amháin nuair a bhraitear an fheithicil agus nuair a úsáidtear an t-eochaircheap.





*Córas bacainne uathoibrithe*

(i) Ie é an t-ochaircheap seo ná:

| Cineál feiste | Ticeáil an freagra ceart |
|---|---|
| Feiste ionchuir | ✓ |
| Feiste aschuir | |
| Feiste próisis | |

**Aitheanta i gceart @ 1 mharc**




**Ionchur 2**
Eochaircheap

Tá an fhaisnéis seo ábhartha chun an córas bacainne uathoibrithe a ghníomhachtú.

Ní bhraitear aon fheithicil = Leibhéal Loighce 0
Braitear feithicil = Leibhéal Loighce 1
Cód eochairchip mícheart = Leibhéal Loighce 0
Cód eochairchip ceart = Leibhéal Loighce 1


(ii) Ainmnigh an geata loighce is oiriúnaí chun an córas bacainne uathoibrithe a ghníomhachtú.

Ainm: Agus geata.

**Ainm @ 1 mharc**

(iii) Tarraing an tsiombail don gheata loighce seo agus críochnaigh an Tábla Fírinne.

Siombail do Gheata Loighce



| Ionchur 1 | Ionchur 2 | Aschur |
|---|---|---|
| 1 | 0 | 0 |
| 0 | 0 | 0 |
| 0 | 1 | 0 |
| 1 | 1 | 1 |

**Siombail @ 1 mharc**

**Tábla críochnaithe @ 1 mharc le haghaidh**

**(c)** (i) Úsáid sceitse rindreáilte agus dear brac oiriúnach don eochaircheap a thaispeántar.

Ba chóir go mbeadh san áireamh sa bhrac a dhearfaidh tú:

- Modh chun an t-eochaircheap a choinneáil go daingean
- Modh chun an brac a cheangal go buan den urlár.

*Sceitse rindreáilte den bhrac*



Pláta chun an tEochaircheap a cheangal de



Pláta boinn agus poill ann chun é a dhaingniú ar an urlár



Sampla 1

Sampla 2

**Dearadh & sceitse @ 3 mharc**


(ii) Luaigh dhá fheidhm eile a bhféadfadh an eochaircheap a bheith in úsáid iontu.

| |
|---|
| Feidhm 1: Cead isteach i mbloc árasán. |
| Feidhm 2: Aláram buirgléireachta. |

**Dhá fheidhm @ 1 mharc an ceann**

**(d)** Tá ciorcaid le friotóirí éagsúla iontu sa chóras bacainne uathoibrithe.


(i) Luaigh luach na bhfriotóirí a thaispeántar.



Dearg, Dearg, Dearg

| Luach friotaíochta | 2200 Ω |
|---|---|

**1 mharc**



Donn, Dubh, Oráiste

| Luach friotaíochta | 10000 Ω |
|---|---|

**1 mharc**

| Dath | Luach |
|---|---|
| Dubh | 0 |
| Donn | 1 |
| Dearg | 2 |
| Oráiste | 3 |
| Buí | 4 |
| Glas | 5 |
| Gorm | 6 |
| Vialait | 7 |
| Liath | 8 |
| Bán | 9 |


(ii) Luaigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le teicneolaíocht róbatach i sádráil thionsclaíoch.

Buntáiste: Cuidíonn teicneolaíocht sádrála róbataí le feabhas a chur ar ráta críochnaithe alt sádráilte agus ar a gcáilíocht.

**Buntáiste amháin @ 1 mharc**

Míbhuntáiste: Laghdaíonn teicneolaíocht róbatach an gá le hionchur daonna, agus d'fhéad-fadh méadú ar an dífhostaíocht a bheith mar thoradh air sin.

**Míbhuntáiste amháin @ 1 mharc**



*Sádráil róbatach*

(iii) Ciorclaigh an teaglaim ceart cóimhiotail do sádar bog.

| **Copar agus stán** | **Luaidhe agus stán** (circled) | **Copar agus sinc** | **Iarann agus carbón** |
|---|---|---|---|

**Teaglaim cheart chóimhiotal @ 1 mharc**

(iv) Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin a bhaineann le cábla ribíneach a úsáid agus feistí leictreonacha á sreangú.


Buntáiste: Tá cábla ribín déanta as roinnt sreanga aonair curtha le chéile, rud a chinntíonn gur cóimeáil leictreonach néata é pé áit a n-úsáidtear é.

**Buntáiste amháin @ 2 mharc**



Cábla ribíneach

**(e)** (i) Mínigh an fáth go bhfuil seirbheamótar oiriúnach chun géag bacainne a rialú, mar a thaispeántar.




| Míniú: Tá seirbheamótair an-éifeachtach agus an-chumhachtach dá méid. Tá siad an-chiúin chomh maith agus iad á n-oibriú. Chomh maith leis sin, is féidir rialú seirbheamótar a mhionchoigeartú agus iad á n-oibriú. Agus mar sin tá sé oiriúnach don ghéag bacainne. |
|---|

**Míniú @ 1 mharc**

(ii) Ainmnigh an mheicníocht tiomána a thaispeántar thuas, a úsáidtear i ngiarbhosca sheirbheamótair.


| Ainm: Péist agus péistghiar. |
|---|

**Ainm @ 1 mharc**

(iii) Má tá 14 fiacail ag an meicníocht tiomántóra a thaispeántar thall agus 28 fiacail ag an ngiar tiomáinte, cuir tic leis an ngiarchóimheas ceart don ghiarshraith seo.

| Giarchóimheas | Ticeáil an freagra ceart |
|---|---|
| 1:2 | ✓ |
| 2:1 | |
| 1:4 | |

**Cóimheas ceart idir na ngiaranna @ 1 mharc**




(iv) Ríomh cé chomh tapa agus a chasann an giar tiomáinte i RPM, má rothlaíonn an giar tiomántóra de réir 40 RPM.


*Áireamh*

Luas Tiomána × an Cóimheas idir na nGiaranna = Luas Tiomáinte

40 isn × 0.5 = 20 ISN


Freagra: 20 ISN

**Ríomh @ 1 mharc**





Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission




# Tionscadal le haghaidh Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí
# Mionsamhail d'Ardaitheoir Héilics – Scéim Mharcála 2023







| **Roinn 1: Mionsamhail Chomhlánaithe** *('Eilimint Dhearaidh' nach bhfuil san áireamh)* | | |
|---|---|---|
| ***Ceannteidil*** | ***Cur Síos*** | ***Marc*** |
| **Cóimeáil** | Grádú Suibiachtúil 1 – 20 | **20** |
| **Bailchríoch** | Grádú Suibiachtúil 1 – 20 | **20** |
| **Feidhmiú Mheicniúil** | Grádú Suibiachtúil 1 – 15 | **15** |
| **Feidhmiú Leictreach** | Grádú Suibiachtúil 1 – 15 | **15** |
| | **Roinn 1 - Iomlán** | **70** |
| **Roinn 2: 'Eilimint Dhearaidh'** *(Ní gá i gcás 2023)* | | |
| | **Roinn 2 - Iomlán** | **--** |





<table>
<tr><td colspan="4">Roinn 3:</td></tr>
<tr><td>Ceannteidil</td><td colspan="2">Cur Síos</td><td>Marc</td></tr>
<tr><td>Páirt 1 – Taca Bairr<br></td><td>A mharcáil amach, a dhruileáil & a tapa</td><td>2</td><td rowspan="2">5</td></tr>
<tr><td>Páirt 2 – Stáinse Ardaitheoira<br></td><td>A mheaisíniú go fad, tipéar, a dhruileáil & a tapa</td><td>3</td></tr>
<tr><td>Páirt 3 – Ionsá Sprionga<br></td><td>A mheaisíniú go fad, a dhruileáil & a tapa</td><td>7</td><td></td></tr>
</table>

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 12 –** Cuibheoir Mótair<br> | A dhruileáil | *1* | **10** |
| **Páirt 13 –** Pionna Tiomána<br> | Gearrtha go fad | *1* | |
| **Páirt 14 –** Cuibheoir Pionna Aimsitheora<br> | Gearrtha go fad | *1* | |
| **Páirt 5 –** Rian Ardaitheoira<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú na sliotáin & a lúbadh | *8* | **10** |
| **Páirt 15 –** Clampa don Rian Ardaitheora<br> | A mharcáil amach & a dhruileáil | *2* | |
| **Páirt 6 –** Meascthóir<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú na sliotáin & a lúbadh | *10* | **10** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 7 –** Sleamhnán an Túir (x2)  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a dheilbhiú | *5 + 5* | **10** |
| **Páirt 8 –** Bonn an Túir  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a tapa | *10* | **10** |
| **Páirt 9 –** Tonnadóir an Mheascthóira (x2)  | An barrchaolú inmheánach a mheaisíniú a dhruileáil & a tapa | *5* | **5** |
| **Páirt 10 –** Deighilteoir  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a dheilbhiú | *9* | **10** |
| **Páirt 11 –** Ascatóir Deighilteora  | Gearrtha go fad | *1* | |
| **Roinn 3 – Iomlán** | | | **70** |

## Roinn 4

| *Ceannteidil* | *Cur Síos* | | *Marc* |
|---|---|---|---|
| **Páirt 16 –** Spásaire Tonnadóra (x4)<br> | A mheaisíniú go fad | *4* | **10** |
| **Páirts 17 –** Taca Tonnadóra<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil, & a tapa | *6* | |
| **Páirt 18 –** Clúdach Túir (x2)<br> | A mharcáil amach & a dhruileáil | *5 + 5* | **10** |
| **Páirt 19 –** Taca do Ghabhdán an Bhataire<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil & a lúbadh | *3* | **5** |
| **Páirt 23 –** Spásaire mótar<br> | A mharcáil amach, a dhruileáil & a seaimféaráil | *2* | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 20 –** Bonn  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a tapa | *6* | **10** |
| **Páirt 29 –** Taca Bonn (x4)  | A dhruileáil | *4* | |
| **Páirt 21 –** Ráille Treorach (x2)  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú & a lúbadh | *3 + 3* | **10** |
| **Páirts 22 –** Treoir Mhirlíní  | A mharcáil amach, a dhruileáil & a dheilbhiú | *4* | |
| **Páirt 24 –** Sleamhnán Aischuir Mirlíní  | A mharcáil amach, a dhruileáil, a dheilbhiú na sliotáin & a lúbadh | *15* | **15** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Páirt 25 –** Cnó Coigeartóra<br> | A mheaisíniú, a dhruileáil, a tapa, a seaimféaráil & a foirb | *8* | **10** |
| **Páirt 26 –** Spásaire Coigeartóra<br> | A mheaisíniú & a dhruileáil | *2* | |
| **Roinn 4 – Iomlán** | | | **70** |
| **Móriomlán** | | | **210** |